# gaelscoil na gcloch líath

Nuachtlitir - Meán Fómhair 2023

## Ár nGaeilgeoirí Iontacha!

Fáilte ar ais ar scoil gach éinne! Tá na páistí uilig ag socrú isteach go breá lena múinteoirí, agus tá ag éirí go hiontach lenár Naíonáin Bheaga nua!

Tá an-iarracht á dhéanamh ag na páistí leis an nGaeilge. Beidh teastas gach seachtain don duine is fearr sa rang. Ansin beidh Cóisir na Gaeilge ag deireadh gach mí don rang is fearr sa scoil.

Comhghairdeas ó chroí le R4, M. Tríona, a bhuaigh Cóisir na Gaeilge do Mheán Fómhair!

Bhí muid chomh sásta sin le dul chun cinn na Naí. Bheaga, gur bronnadh duais speisialta orthu; mála labhair! Maith sibh.

*Ádh mór oraibh don chéad Chóisir na Gaeilge eile, a bheidh ar siúl ar an Aoine 27 Deireadh Fómhair.*



*Welcome back to school everyone! All the children are settling in well with their new teachers, and the Naíonáin Bheaga are getting on great.*

*The children are putting in huge effort with their Gaeilge . Each week there will be a certificate for one child in each class. At the end of each month we will have Cóisir na Gaeilge –Irish Party, for the best class in the school.*

*Huge congratulations to R4, M. Tríona who won the September cóisir!*

*Well done also to our Naí. Bheag, we were so pleased with their progress, they were all awarded a special prize; a little bag of books! Well done.*

*Best of luck to all classes for the next Cóisir, which will take place on Friday 27 October.*











## Cumann na mBunscoil

Comhghairdeas le M. Jennifer & M. Clíona, a toghadh mar Oifigigh Camógaíochta don Chontae i mbliana.

*Congratulations to M. Jennifer & M. Clíona who have been elected as Camogie Officers for the County this year.*



## Turas Trá R4

Thug an dá R4 turas chuig an trá le linn Méan Fómhair. Beidh siad ag obair lena múinteoirí agus le Móna, ó Institiúd na Mara ar a dtionscnamh maidir le nithe beo atá le fáil ar ár trá.

*Both our R4 classes undertook a trip to the beach in September. They will be working on their project; living creatures on our beach, with their teachers and Móna from the Marine Institute.*

## Ambasadóirí Léitheoireachta—Reading Ambassadors

Táimid an-bhródúil as ár nAmbasadóirí Léitheoireachta; Casey, Cillian, Eimear, Greta, Kima, Taylor, agus Úna. Tá siad mar chuid de ghrúpa léitheoireachta le dhá bhliain anuas, agus ceaptha anois faoi spriocanna inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe.

*We are very proud of our newly appointed United Nations Reading Ambassadors; Casey, Cillian, Eimear, Greta, Kima, Taylor, agus Úna. They have been part of a reading group and have been appointed as part of the UN sustainable goals.*

Féach freisin; https://wicklownews.net/2023/10/eight-greystones-students-finish-20-books-in-reading-challenge/



# Feadóg Stáin

Tá an-áthas orainn go bhfuil ceachtanna feadóg stáin tosaithe arís le R3-6. Beidh teagascóir ceoil istigh linn gach Luan i rith na bliana.

*We are delighted to have restarted our tin whistle lessons with R3-6. A music tutor will be in each Monday during the year with these classes.*

## Bliotschomórtas Peile

D'fhreastal dhá fhoireann peile cailíní ar an mbliots ar an 21 Meán Fómhair, agus d'éirigh go hiontach leo. Maith sibh a chailíní! De bharr droch-aimsire, cuireadh comórtas peile na mbuachaillí ar athló.

*Two teams attended the girls Cumann na mBunscoil blitz on 21 September and won all of their competitions bar one. Well done girls! The boys blitz will be rescheduled due to the bad weather.*



## An Bord Bainistíochta

***Ag cruinniú Bord Bainistíochta Meáin Fómhair deineadh plé ar:***

- Pholasaithe Cosaint Leanaí; athbhreithnithe & faomhaithe
- Pholasaí Gléas Cliste & Fón Póca; athbhreithnithe & faomhaithe
- Cúrsaí foirne
- Cúrsaí Airgeadais na scoile

***At a September Board of Management Meeting the following were discussed;***

- *Child Protection Policy; reviewed and ratified*
- *Smart Device & Mobile Phone Policy; reviewed & ratified*
- *Staffing*
- *School finance matters*

# Clárú do Naíonáin Shóisearacha 2024/25

Beidh clárúchán do Naíonáin Shóisearacha 2024 ar siúl
**ón 6ú go dtí meánlae ar an 27 Samhain 2023.**
Beidh Foirmeacha Iontrála agus Polasaí Iontrála ar fáil ar www.gscl.ie nó ón Oifig Scoile le linn na tréimhse sin.
Próiseáilfear aon iarratais a thagann isteach i ndiaidh an dáta thuas mar iarratais déanacha, ar aon dul lenár bPolasaí Iontrála.

# *Enrolment for Junior Infants 2024/25*

*Enrolment for Junior Infants 2024 will take place*
***from 6 November to midday 27 November 2023.***
Enrolment Forms & Policy will available at www.gscl.ie or from the Oifig Scoile during this period.
Any applications received after the above date will be processed as late applications, as per our Enrolment Policy.

# Coiste na dTuismitheoirí

**Cruinniú Cinn Bliana—AGM**

The Coiste AGM will take place at 7pm next Wednesday, 11th October. Our guest speaker will be Monica Rowe from Key Conversations. She will give a talk to R5-6 children earlier in the day around internet and social media usage/safety, and will then do a parent talk at 7pm in the halla. Please come along and support your Coiste and your school.

**Rúnaí/Secretary**

The Coiste are currently looking for a new secretary. If you are interested in taking on this fulfilling role, please contact us at coiste.gscl@gmail.com

**Parent Helpers/Volunteers**

*Parent volunteers are regularly required; reading (8:30-9am, Tues-Fri), GAA blitzes, athletics, Cóisir na Gaeilge, grandparents day, trips and tours. If you have flexible working arrangements, and can make yourself available from time to time, please let us know at* coiste.gscl@gmail.com or oifig@gscl.ie

**An Nollaig—Christmas**

*Please keep an eye out for updates of our Christmas activities. We will be organising the Christmas Cards and Lá Ceiliúrtha Nollag/Christmas Celebrations Day again this year. Lots of fun for all!*

## Peil agus Iomáint




Tá an pheil tosaithe arís gach Céadaoin le hAoife & Séan ón gCLG. Beidh siad ag déanamh scileanna iomanaíochta/camógaíochta leis na páistí i mbliana chomh maith. An téarma seo beidh siad ag obair le R5-6.

Football with Aoife & Seán from the GAA is taking place during the school day every Wednesday. They will be working on hurling/camogie skills this year also. This term they are with R5-6.